An tUachtarán san Ungáir

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi chomóradh an éirí amach a tharla san Ungáir 50 bliain ó shin. Sula bhféachann tú ar an tuairisc pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

Cén fáth go ndéanann tíortha ócáidí stairiúla a chomóradh? Cad iad na hócáidí stairiúla a bhíonn á gcomóradh in Éirinn? An bhfuil siad tábhachtach, dar libh?

Ceist 2 Anois féach ar an tuairisc cúpla uair agus déan iarracht an leagan Gaeilge de na focail seo thíos a aimsiú inti. Ansin cuir do chuid freagraí i gcomparáid le cinn an duine in aice leat.

An bhfuil mórán díobh ar eolas agat sula bhféachann tú ar an tuairisc?

1.	commemoration	_____
2.	uprising	_____
3.	the opposition parties	_____
4.	boycott	_____
5.	ceremonies	_____
6.	there was rioting	_____
7.	demonstrators	_____
8.	demanding	_____
9.	demonstration	_____
10.	brutally	_____
11.	he admitted	_____
12.	clashes	_____
13.	who stood their ground	_____
14.	crook	_____

Ceist 3 Anois féach ar an tuairisc arís agus déan iarracht freagraí na gceisteanna seo a aimsiú. Ansin pléigh na freagraí leis an duine in aice leat.

1. Cén ócáid a bhí á chomóradh san Ungáir inniu?

2. Cé a bhí i láthair? Cé nach raibh i láthair?

3. Cad go díreach a tharla san Ungáir i 1956? Cé mhéad duine a cuireadh chun báis?

4. Cén fáth go bhfuil léirsitheoirí ar shráideanna Bhudapest inniu? Cad atá á éileamh acu?

5. Cad a tharla aréir? Cé mhéad duine a gabhadh?

6. Cad a deir na léirsitheoirí faoi phríomhaire na tíre?

Ceist 4 ‘*Cuireadh* 26,000 duine i bpríosún agus *daoradh* 200 duine acu sin chun báis.’

Chuir Arm Dearg na Rúise an léirsiú faoi chois go brúidiúil agus *maraíodh* na mílte.

Aréir bhí caismirtí idir póilíní agus léirsitheoirí agus *gabhadh* deichniúr.

Cén ghné den ghramadach atá i gceist leis na focail i gcló iodálach thuas? Pléigh iad leis an duine in aice leat. Muna bhfuil sibh cinnte cabhróidh an teagascóir libh.

Anois críochnaigh na habairtí thíos ag baint úsáide as na focail idir lúibíní.

1. Nuair a bhí an halla lán _____ na doirse. (dún)
2. _____ go leor daoine nuair a bhuail an *tsunami* cósta na Téalainne. (caill)
3. Tar éis na féile ceoil _____ bruscar ar fud na háite. (fág)
4. _____ a lán bialanna nua i mBaile Átha Cliath le cúpla bliain anuas. (oscail)
5. Anuraidh _____ go leor airgid ar charranna nua in Éirinn. (caith)

Ceist 5 ‘Daoradh 200 duine acu sin *chun báis*.’

Cad a tharlaíonn don ainmfhocal a leanann ‘chun’?

An féidir leat an dá cholún thíos a cheangal?

1	Tá an aimsir tirim – lá maith….	a	chun solais
2	Chríochnaigh an t-údar an leabhar inné agus tá sé ullamh…..	b	chun cinn
3	Ag an gceolchoirm, shuigh Máire ….	c	chun donais
4	Nuair a foilsíodh na cáipéisí oifigiúla, tháinig an scéal iomlán…..	d	chun siúlóide
5	Tá cúrsaí tráchta i gcathracha na tíre seo imithe ……	e	chun foilsithe
6	San olltoghchán deireannach, tháinig roinnt iarrthóirí óga ….	f	chun tosaigh

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa: D’admhaigh príomhaire na hUngáire gur inis sé bréaga faoi staid eacnamaíochta na tíre leis an olltoghchán a bhuachan. An dóigh libh gur cheart dó éirí as a phost?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1
Tá an plé seo le déanamh sula seinntear an tuairisc.

Ceist 2
Is féidir iarraidh ar na mic léinn triail a bhaint as na focail ar dtús sula bhfeiceann siad an tuairisc agus ansin arís agus an tuairisc ar siúl.

1. comóradh
2. éirí amach
3. páirtithe an fhreasúra
4. baghcat
5. searmanais
6. bhí sé ina chíréib
7. léirsitheoirí
8. ag éileamh
9. léirsiú
10. go brúidiúil
11. d'admhaigh sé
12. caismirtí
13. a sheas an fód
14. caimiléir

Ceist 3
1. Bhí comóradh ann don éirí amach a tharla san Ungáir 50 bliain ó shin.

2. Bhí ceannairí Stáit ó gach cearn den domhan i láthair don chomóradh, ina measc Uachtarán na hÉireann. Rinne páirtithe an fhreasúra baghcat ar na searmanais.

3. Cothrom an lae inniu leathchéad bliain ó shin bhailigh mic léinn i lár Bhudapest le léirsiú in aghaidh cheannasaíocht na Sóibhéide sa tír. Chuir Arm Dearg na Rúise an léirsiú faoi chois go brúidiúil agus maraíodh na mílte. Cuireadh 26,000 duine i bpríosún agus daoradh 200 duine acu sin chun báis.

4. Tá léirsitheoirí an lae inniu san Ungáir ag lorg athruithe sa tír. Le breis agus mí anuas tá daoine ag bailiú ag tithe na pairliminte ag impí ar phríomhaire na tíre, Ferenc Gyurcsany, éirí as oifig.

5. Aréir bhí caismirtí idir póilíní agus léirsitheoirí agus gabhadh deichniúr.

6. Deir siad go bhfuil an príomhaire tar éis loic ar a chuid dualgas agus gur caimiléir é.

Ceist 4
An briathar saor san aimsir chaite atá i gceist anseo.
1. dúnadh
2. cailleadh
3. fágadh
4. osclaíodh
5. caitheadh

Ceist 5
Leanann an tuiseal ginideach an réamhfhocal 'chun'.
1d, 2e, 3f, 4a, 5c, 6b

Ceist 6
Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola

Thar lear anois agus bhí Uachtarán na hÉireann, Máire Mhic Giolla Íosa i mBudapest inniu do chomóradh an éirí amach a tharla san Ungáir leathchéad bliain ó shin. Rinne páirtithe an fhreasúra baghcat ar na searmanais inniu agus bhí sé ina chíréib arís ar shráideanna Bhudapest agus léirsitheoirí ag éileamh ar phríomhaire na tíre éirí as oifig.

Cothrom an lae inniu leathchéad bliain ó shin bhailigh mic léinn i lár Bhudapest le léirsiú in aghaidh cheannasaíocht na Sóibhéide sa tír. Chuir Arm Dearg na Rúise an léirsiú faoi chois go brúidiúil agus maraíodh na mílte. Cuireadh 26,000 duine i bpríosún agus daoradh 200 duine acu sin chun báis. Inniu bhailigh ceannairí Stáit ó gach cearn den domhan i gCearnóg Kossuth do chomóradh an lae inniu, ina measc uachtarán na tíre seo, Máire Mhic Giolla Íosa. Ach cé go bhfuil comóradh á dhéanamh ar léirsitheoirí 1956, tá léirsitheoirí an lae inniu san Ungáir freisin ag lorg athruithe sa tír. Le breis agus mí anuas tá daoine ag bailiú ag tithe na pairliminte ag impí ar phríomhaire na tíre, Ferenc Gyurcsany, éirí as oifig. D'admhaigh sé cúpla seachtain ó shin gur inis sé bréaga faoi staid eacnamaíochta na tíre leis an olltoghchán a ghnóthachtáil. Aréir bhí caismirtí idir póilíní agus léirsitheoirí agus gabhadh deichniúr. Deir na léirsitheoirí go bhfuil an seasamh á thógáil acu i gcuimhne ar na léirsitheoirí a sheas an fód 50 bliain ó shin. Deir siad go bhfuil an príomhaire tar éis loic ar a chuid dualgas agus gur caimiléir é.